VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Eolas do dhaoine a bhfuil córas imdhíonachta lag acu maidir le dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil

Céard is córas imdhíonachta lag ann?

Troideann do chóras imdhíonachta in aghaidh ionfhabhtuithe agus frídíní i do chorp. Is féidir le do chóras imdhíonachta a bheith lag má tá fadhbanna sláinte agat nó má ghlacann tú cógais a laghdaíonn do chumas chun ionfhabhtú a throid.

Cabhróidh do dhochtúir leat cinneadh a dhéanamh cibé acu ba cheart duit dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil nó nár cheart.

An bhfuil níos mó riosca ag baint le COVID-19 domsa má tá mo chóras imdhíonachta lag?

Tá. Tá riosca níos mó ann go n-éireoidh tú go dona tinn má tholgann tú COVID-19.

Fuair mé vacsaín in aghaidh COVID-19 cheana féin. Cén fáth a bhfuil dáileog bhreise den vacsaín á tairiscint agaibh dom?

Tá súil againn go bhféadfadh dáileog bhreise den vacsaín:

- freagairt do chórais imdhíonachta ar an vacsaín a fheabhsú.
- cosaint ní b'fhearr in aghaidh COVID-19 a thabhairt duit.
- a cion féin a dhéanamh le nach n-éireoidh tú go dona tinn le COVID-19.

Cén vacsaín a cheadaítear dom a fháil?

Táimid ag tairiscint dáileog amháin den vacsaín Comirnaty® (Pfizer BioNTech) nó den vacsaín Spikevax® (Moderna) duit. Is vacsaíní mRNA iad sin. Is féidir leat na vacsaíní seo a fháil fiú má fuair tú vacsaín eile roimhe seo. Tabharfaimid bileog eolais faoin vacsaín duit. Tá eolas tábhachtach inti; léigh go cúramach í. Tá sí le fáil ag hse.ie/covid19vaccine/ chomh maith.

Cathain ba cheart dom dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil?

Ba cheart duit dáileog bhreise den vacsaín a fháil dhá mhí ar a laghad tar éis duit cúrsa vacsaíne in aghaidh COVID-19 a chríochnú.

Má bhí COVID-19 ort ó vacsaíníodh thú, fan go ceann sé mhí roimh duit dáileog bhreise a fháil.

Céard is eol faoi cé chomh sábháilte agus atá sé dáileog bhreise den vacsaín a fháil?

Níl an méid céanna faisnéise againn maidir le sábháilteacht dáileoige breise den vacsaín in aghaidh COVID-19. Tá dáileog bhreise á tabhairt i roinnt tíortha. De réir na staidéar atá déanta go dtí seo ar dhaoine a fuair dáileog bhreise, níl aon fho-iarmhairtí tromchúiseacha i gceist léi.

An bhfuil dáileog bhreise den vacsaín ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach?

Tá dáileog bhreise den vacsaín mRNA chéanna ceadaithe ag an nGníomhaireacht.

Tá an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh ag moladh gur féidir leat aon cheann de na vacsaíní mRNA a fháil mar theanndáileog, is cuma cén vacsaín a fuair tú ar an gcéad dul síos. Má fuair tú an vacsaín AstraZeneca, cuir i gcás, seans go dtairgfear teanndáileog de Moderna nó Pfizer duit anois. Is é sin atá á mholadh ag an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, ach níl sé ceadaithe fós ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. Téigh chuig ema.europa.eu le tuilleadh eolais a fháil.

An féidir liom an dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile?

Is féidir an dáileog bhreise den vacsaín in aghaidh COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín in aghaidh fliú nó le vacsaíní eile.

Tuilleadh eolais

Tá tuilleadh le léamh faoi na vacsaíní ar hse.ie/covid19vaccine/
Is féidir leat labhairt le do dhochtúir teaghlaigh, altra, cógaiseoir nó vacsaíneoir chomh maith.

Arna fhoilsiú ag FSS
an 29 Deireadh Fómhair 2021
Leagan 3

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland